**An Bhruiséil, 8 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7299/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0079(COD)**

**CODEC 666**
**COMPET 262**
**IND 124**
**MI 251**
**POLCOM 84**
**WTO 34**
**RELEX 273**
**RECH 100**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 16 Márta 2023, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 12 Iúil 2023[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 5 Iúil 2023[3].

[1] 7568/23 + ADD1-5.
[2] IO C 349, 29.9.2023, lch. 142.
[3] IO C/2023/252, 26.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/252/oj.

4. An 12 Nollaig 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[4]. Tar éis do Pharlaimint na hEorpa ceartúchán ar an seasamh sin a fhormheas le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici ón 25 go dtí an 28 Feabhra 2024, is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 78/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Bhulgáir ag staonadh ón vótáil.

6. Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] 16658/23.